

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

25 Márta 2020



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Clár

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Chúirt Iniúcháirí

Fógra folúntais ECA/2020/7 — Stiúrthóir — post amháin — Iniúcháireacht (Feidhmghrúpa AD, grád 14) 1

Fógra Folúntais CIE/2020/8 — Stiúrthóir — post amháin (Feidhmghrúpa AD, grád 14) — Ardrúnaíocht — Stiúrthóireacht Aistriúcháin, Seirbhísí Teanga agus Foilseacháin (SG3) 6

GA

* Faoin tagairt C 98 A a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Fógra folúntais ECA/2020/7

Stiúirthóir — post amháin — Iniúchóireacht

(Feidhmghrúpa AD, grád 14)

CÉ SINNE

Is ionann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Ba sa bhliain 1977 a bunaíodh í, agus tá sí ar cheann de na seacht n-insitiúid AE.

Is i Lucsamburg atáimid bunaithe, agus fostaímid timpeall ar 900 ball foirne iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin ó gach náisiúntacht AE.

Oibríonn an CIE mar chomhlacht coláisteach 27 mBall, le ball amháin ó gach Ballstát AE.

Déanann ár n-iniúchóirí grinnscrúdú go gcoinníonn an AE dea-chuntais agus go gcuireann sé a rialacha airgeadais i bhfeidhm i gceart, agus go ngnóthaítear na cuspóirí a bheartaítear dá bheartais agus cláir agus go bhfaightear luach ar airgead leo.

Is lenár saothar a chuirimid le bainistiú airgeadais AE a fheabhsú agus cuntasacht agus trédharcacht a chur chun cinn. Fógraímid rabhaidh faoi rioscaí, soláthraímid ráthaíocht, tugaimid tásca faoi easnaimh agus gnóthachtálacha, agus tairgimid treoir do lucht ceaptha beartais agus reachtóirí AE.

Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus rialtas agus parlaimintí náisiúnta, mar aon leis an bpobal i gcoitinne.

Tá an Chúirt roinnte ina Seomraí iniúchóireachta. Tá struchtúr eagrúcháin atá bunaithe ar chúraimí aici, lena gcuirtear baill foirne i meitheal a óna roghnófar iad lena sannadh chuig na Seomraí éagsúla ar bhonn tosaíochta.

A bhFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Is ag grád AD14 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Is é EUR 14 838 a bheidh sa bhuntuarastal míosúil. De réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Foirne, féadfáir liúntais áirithe a chur leis an mbuntuarastal, a thiocfaidh faoi réir cháin AE agus a bheidh díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Beidh an duine a cheapfar chuig an bpost seo mar Stiúirthóir cuntasach do Sheomra Iniúchóireachta, agus tabharfaidh sé/í cúnamh dá Chomhaltaí chun tabhairt faoi thascanna iniúchóireachta.

Áireofar lena p(h)ríomhchúraimí:

— baill foirne agus acmhainní airgeadais a bhainistiú;

— ríomhchlárú, faireachán agus tuairisciú;

- rannchuidiú le tascanna cothrománacha agus cuspóirí straitéiseacha na Cúirte, agus oibriú in eagrais tascbhunaithe;
- tacaíocht agus eolas den scoth a sholáthar;
- maoirseacht agus rialú iniúchóireachta a áirithiú; agus
- a áirithiú go ndéantar gach tasc i gceart agus i gcomhréir le ceanglais cháilíochta CIE agus le cleachtais agus caighdeáin iniúchóireachta.

A bhFUIL Á LORG AGAINN

I. Critéir incháilitheachta

1. Coinníollacha earcaíochta

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór d'iarrthóirí rathúla faoi dháta a n-iarratais:

- a bheith ina náisiúnach le ceann de Bhallstáit AE;
- a gcearta iomlána mar shaoránaigh a theachtadh;
- aon oibleagáid a fhorchuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta maidir le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu; agus
- na riachtanais charachtair a shásamh i ndáil leis na dualgais lena mbaineann.

2. Cáilíochtaí

I gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

- leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile críochnaithe arna fhianú ag dioplóma nuair is 4 bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó
- leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa iomlán ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil iomchuí de 1 bhliain amháin ar a laghad nuair is é 3 bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse d'oideachas ollscoile, nó
- oiliúint ghairmiúil ar leibhéal comhionann, de réir mar is gá ar mhaithe le leas na seirbhíse.

3. Taithí ghairmiúil

Taithí ghairmiúil chruthaithe 18 mbliana ar a laghad ó fuarthas an cháilíocht thuasluaite, lena n-áirítear 4 bliana ar a laghad ag bainistiú acmhainní daonna agus buiséadacha. Teastaíonn taithí fhónta chruthaithe 10 mbliana ar a laghad go sonrach san iniúchóireacht (lena n-áirítear pleanáil, maoirseacht, rialú cáilíochta agus tuairisciú maidir le cúrsaí iniúchóireachta).

4. Eolas ar theangacha

De bharr chineál na ndualgas atá le déanamh, is bunriachtanas é eolas maith ar Bhéarla **agus** Fraincis ar chúiseanna oibriúcháin, óir gurb iadsan teangacha oibre na Cúirte. Teastaíonn leibhéal íosta C1 i dtuiscint, labhairt agus scríobh i dteanga amháin, agus leibhéal íosta B2 sna catagóirí céanna don teanga eile.

Bheadh eolas ar theangacha AE breise ina bhuntáiste.

Chun do scileanna teanga iasachta a mheasúnú, féach:

<http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

II. Critéir réamhroghnúcháin

- Níos mó ná 10 mbliana de thaithí i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha;
- níos mó ná 4 bliana de thaithí ag bainistiú acmhainní daonra agus buiséadacha;
- cumas cruthaithe rannchuidiú le bainistiú éifeachtach ar rannóg nó ar fhoireann;
- taithí ar iniúchtaí casta, lena n-áirítear rannchuidiú pearsanta a dhéanamh lena rath;

- taithí le hathrú agus rannpháirtíocht a chur chun feidhme i dtionscadail nuálacha; agus
- ilchumais agus taithí éagsúil ar feadh a ngairmréime.

III. Critéir roghnúcháin

- sárthuiscint ar chaighdeán agus modheolaíocht iniúchóireachta sna réimsí um iniúchóireacht airgeadais, feidhmíochta agus comhlíonta, agus bainistiú fóna airgeadais;
- eolas maith ar airgeadais phoiblí an Aontais agus ar iniúchóireacht na hearnála poiblí;
- cumas den scoth chun straitéis a bhunú agus a chur chun feidhme, agus sainiú agus tuairisciú a thabhairt ar chuspóirí agus ar thorthaí le gnóthú;
- cur amach den scoth ar mhodhanna bainistíochta;
- cumas den scoth a bheith i gceannas ar fhoirne ilteangacha ilchultúrtha agus lena spreagadh, cumas foirne a shainaitheint agus a uasmhéadú, agus chun coimhlínt a bhainistiú;
- an spreagadh le bheith mar chuid den fhoireann bainistíochta riaracháin le hinstitiúid AE a bhíonn ag iarraidh a seirbhísí a fheabhsú i gcónaí;
- scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth; agus
- cumas láidir do chaidreamh geallsealbhóirí: scileanna idirbheartaíochta, stuaim agus taidhleoireacht.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

I gcomhréir le Cinneadh ón gCúirt Uimh. 31-2015 maidir le nósanna imeachta do roghnú príomhbhainisteoirí agus stiúrthóirí, is amhlaidh a bhunófar bord réamhroghnúcháin le go ndéanfar measúnú ar na hiarrthóirí incháilithe ar bhunús na gcritéir a thugtar san fhógra folúntais seo.

(a) An chéim réamhroghnúcháin

Déanfaidh an bord measúnú agus comparáid ar dtús ar cháilíochtaí, taithí ghairmiúil agus scileanna na n-iarrthóirí **incháilithe** go léir ar bhunús an eolais a thugtar ina n-iarraitais (féach na critéir réamhroghnúcháin thuas). Is ar bhunús an mheasúnaithe sin a chuirfidh an bord na 8 iarrthóirí is oiriúnaí ⁽¹⁾ ar ghearrliosta.

Ós rud é go bhfuil an chéad roghnú seo bunaithe ar mheasúnú comparáideach, ní rachaidh iarrthóirí a shásaíonn na critéir a thugtar san fhógra folúntais seo ar aghaidh go huathoibríoch go dtí an chéad chéim eile den nós imeachta.

(b) An chéim roghnúcháin

Is faoi agallamh agus trí leas a bhaint as bealach ar bith eile a mheastar a bheith iomchuí a dhéanfaidh an Bord measúnú ar an ochtar iarrthóirí is oiriúnaí (féach na critéir roghnúcháin thuas).

Is iad torthaí na céime roghnúcháin, in éineacht leis na torthaí ón gcéim réamhroghnúcháin, a fheidhmeoidh mar bhunús chun liosta a bhunú den iarrthóir/de na hiarrthóirí a meastar fúthu gurb iadsan is fearr atá cáilithe don phost.

Is í CIE a dhéanfaidh cinneadh iarrthóirí amháin a cheapadh ar bhunús tuarascála an bhoird.

IARRATAIS

Is é meánlae (CET) an 30 Aibreán 2020 an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Caithfear na hiarratais a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus a chur isteach **tríd an bhfoirm ar líne amháin** a sholáthraítear don fholúntas fógraithe.

Ní mór na doiciméid seo a leanas (gach ceann díobh scríofa i mBéarla nó i bhFraincis) a bheith ag gabháil le hiarratais:

- litir inspreatha (**trí leathanach ar a mhéad**);
- CV atá cothrom le dáta (**cúig leathanach ar a mhéad**), a chruthófar le húsáid a bhaint as teimpléad “**curriculum vitae Europass**” agus ina sonrófar dátaí beachta (féach: <http://europass.cedefop.europa.eu>)

⁽¹⁾ Ar chuntar go bhfuil dóthain iarrthóirí incháilithe ann.

Tabhair do d'aire le do thoil nach dtabharfar san áireamh ach amháin an fhaisnéis a thugtar i do CV agus i do litir inspreamtha nuair a dhéantar meastóireacht ar d'iarratas le linn na céime incháilitheachta agus réamhroghnúcháin den nós imeachta.

Measfar na sonraí a thugtar san iarratas a bheith fíor agus ceart agus beidh siad ceangailteach ar an iarratasóir dá réir.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ar iarratas, fianaise i scríbhinn a léiriú dá gcáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus dualgais reatha, má mheastar an méid sin a bheith riachtanach.

Diúltófar d'aon iarratas nach gclóinn leis na teoracha sin.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

Chinn an Chúirt Iniúcháirí an nós imeachta earcaíochta a sheoladh le haghaidh poist mar Stiúrthóir (grád AD14) san iniúcháireacht, i gcomhréir le hAirteagal 29, mír 1 agus mír 2 de na Rialacháin Foirne d'Oifigigh an Aontais Eorpaigh (dá ngairfear na "Rialacháin Foirne"), leis an aidhm líon na n-iarrthóirí féideartha a mhéadú dá roghnú ag an Údarás Ceapacháin.

I gcomhréir le beartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, fáiltíonn an Chúirt roimh an éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar aon fhorais, agus déanann sí bearta chun a chinntiú go mbíonn cothromaíocht idir fir agus mná san earcaíocht, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar ionadaíocht íseal na mban ar leibhéal ardbhainistíochta, **chuirfeadh an Chúirt fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná ar an bpost seo**. I gcás gurb ionann cáilíochtaí nó fiúntas d'fhear agus do bhean, is í an bhean a roghnófar. Déanann an Chúirt bearta freisin chun saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a réiteach.

Má theastaíonn uait aon socruithe speisialta (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost in am trátha chuig ECA-Recrutement@eca.europa.eu

COSAINT SONRAÍ

Áiríteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an ráiteas príobháideachta sonrach le haghaidh folúntas fostaíochta, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

IARRATAÍ AR ÁTHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Má chreideann tú ag tráth ar bith den nós imeachta roghnúcháin go dtéann cinneadh i bhfeidhm go diúltach ort, beidh na roghanna seo a leanas ar fáil duit:

I. A iarraidh go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcinneadh ón mbord réamhroghnúcháin

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaithe i scríbhinn a chur isteach le go ndéanfaí athmhachnamh ar chinneadh boird. Ní mór iarraidh den sórt sin a chur chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 10 lá ó fhógra a fháil faoin gcinneadh:

ECA-Recours@eca.europa.eu

II. Gearáin agus achomhairc

De bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán in aghaidh an Chinnidh ón gCúirt diúltú don iarratas uait a chur chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin:

An tArd-Rúnaí
Cúirt Iniúcháirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Lucsamburg
LUXEMBOURG

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018. Ich.39).

III. Achomharc breithiúnach

De bhun Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, is amhlaidh, i gcás go ndiúltófar don ghearán uait agus go dtéann an cinneadh sin i bhfeidhm ort go diúltach, féadfaidh tú achomharc a chomhdú ansin le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór do dhlíodóir achomhairc den sórt sin a chomhdú laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

IV. Gearáin leis an Ombudsman Eorpach

Má chreideann tú go raibh míriarachán i gceist leis an dóigh ar chaith Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le d'iarratas, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit dul i dteagmháil leis an gCúirt ar dtús d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní mór duit an gearán a chur isteach i scríbhinn laistigh de 2 bhliain ó theacht ar an eolas faoi na fíorais ábhartha duit. Tá foirm gearán leictreonach ar fáil ar láithreán gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Ní chuirfear na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí i gcás go ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach.

Fógra Folúntais CIE/2020/8**Stiúrthóir — post amháin****(Feidhmghrúpa AD, grád 14)****Ardrúnaíocht — Stiúrthóireacht Aistriúcháin, Seirbhísí Teanga agus Foilseacháin (SG3)****CÉ MUIDE**

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Ba sa bhliain 1977 a bunaíodh CIE, agus áirítear í i measc ceann de 7 n-institiúid an AE.

Táimid lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 ball foirne iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin fostaithe againn ó gach náisiúntacht AE.

Feidhmíonn CIE mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 Ball, ball amháin ó gach Ballstát AE.

Seiceálann ár n-iniúchóirí go gcoimeádann an AE cuntais mhaithe agus go gcuirtear a rialacha airgeadais i bhfeidhm i gceart, agus go gcomhlíonann a bheartais agus cláir na cuspóirí beartaithe agus go gcuirtear luach ar airgead ar fáil.

Trínár gcuid oibre, cabhraimid le bainistíocht airgeadais an AE a fheabhsú agus cuntasacht agus trédhearcacht a chur chun cinn. Tugaimid rabhadh maidir le rioscaí, soláthraímid dearbhú, tugaimid eolas maidir le heasnamh agus rath, agus tairgimid treoir do lucht déanta beartas agus reachtóirí an Aontais.

Cuirimid ár mbreathnóireachtaí agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an AE, agus rialtais agus parlaimintí náisiúnta, mar aon leis an bpobal i gcoitinne.

Tá 23 foireann teanga páirteach sa Stiúrthóireacht Aistriúcháin, Seirbhísí Teanga agus Foilseacháin, agus tá 3 fhoireann chothrománacha ag cabhrú leo. Tá thart ar 140 ball foirne fostaithe san Stiúrthóireacht arb é an aidhm atá acu aistriúcháin, foilseacháin agus seirbhísí teanga eile ar ardchaighdeán a sholáthar don Chúirt laistigh den fhráma cuí, agus ar an tslí sin, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach i dteangacha oifigiúla an AE a éascú. Cinntíonn ár bhfoireann ardcháilithe agus ag a bhfuil neart taithí, go mbíonn an caighdeán ard i gcónaí.

A BHFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Is ag grád AD14 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Is é EUR 14 838 an buntuarastal míosúil atá luaite leis an bpost. Faoi na coinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Foirne, féadfar sochair áirithe a chur leis an mbuntuarastal, atá faoi réir cháin AE agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Is státseirbhíseach ardchéimiúil é an Stiúrthóir Aistriúcháin, Seirbhísí Teanga agus Foilseacháin atá freagrach as:

- beartais a fhorbairt agus a mhaoirsiú, an Stiúrthóireacht a bhainistiú agus cinntí oibríochtúla a dhéanamh bunaithe ar chláir oibre na hArd-Rúnaíochta;
- an clár oibre bliantúil a fhorbairt agus a chur i gcrích, agus tuarascáil maidir le cur chun feidhme an chláir a ullmhú;
- seirbhísí aistriúcháin, seirbhísí comhordaithe aistriúcháin agus seirbhísí teanga eile a eagrú;
- úsáid acmhainní daonna agus airgeadais a mhaoirsiú, a mhonatóiriú agus a chomhordú laistigh den Stiúrthóireacht;
- úsáid uirlisí aistriúcháin a mhaoirsiú, a mhonatóiriú agus a chomhordú ar bhealach éifeachtach;
- ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid ar an Stiúrthóireacht maidir le nithe a bhaineann le comhar idir-institiúideach agus idirnáisiúnta;
- maoirseacht a dhéanamh ar chórais inmheánacha rialaithe agus bainistíochta na Stiúrthóireachta;
- a áirithiú go dtugtar aird mar is cuí ar na rialacha, rialacháin agus nósanna imeachta ábhartha; agus
- a áirithiú go gcloítear le caighdeáin agus go gcomhlíontar spriocdhátaí.

A BHFUIL Á LORG AGAINN

I. Critéir incháilitheachta

1. Coinníollacha earcaíochta

De réir Airteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór don iarrthóir, ar dháta a (h)iarratais, na nithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- a bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an AE;
- a bheith i dteideal a c(h)earta iomlána mar shaoránach;
- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi le dlíthe earcaíochta a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta; agus
- na riachtanais charachtair a chomhlíonadh atá de dhíth le haghaidh na ndualgas a bhaineann leis an bpost.

2. Cáilíochtaí

De réir Airteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

- leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú ag dioplóma nuair is ceithre bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó
- leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú ag dioplóma agus bliain amháin ar a laghad de thaithí ghairmiúil chuí nuair is trí bliana atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile, nó
- i gcás ina mbeidh údar maith leis, chun leas na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

3. Taithí ghairmiúil

18 mbliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil cruthaithe ó fuarthas an cháilíocht thuasluaite, lena n-áirítear 4 bliana ar a laghad ag bainistiú acmhainní daonna agus buiséadacha.

4. Eolas ar theangacha

Bunaithe ar nádúr na ndualgas atá le déanamh, tá eolas maith ar an mBéarla **agus** ar an bhFraincis riachtanach chun críocha oibríochtúla, ó tharla gurb iad sin teangacha oibre na Cúirte. Teastaíonn leibhéal C1 ar a laghad i gceann de na teangacha a thuiscint, a labhairt agus a scríobh, agus leibhéal B2 ar a laghad sna catagóirí céanna don teanga eile.

Bheadh eolas ar theangacha eile de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhuntáiste.

Chun do scileanna teanga iasachta a mheasúnú, féach ar:

<http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr>

II. Critéir réamhroghnúcháin

- Níos mó ná 10 mbliana taithí i dtimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha;
- níos mó ná 4 bliana taithí ar acmhainní daonna agus buiséadacha a bhainistiú;
- taithí ar thionscadail nuálacha agus athrú a chur chun feidhme; agus
- ildánacht agus taithí ghairme éagsúil.

III. Critéir roghnúcháin

- Sárchumas chun straitéis a bhunú agus a chur chun feidhme, agus chun cuspóirí agus torthaí atá le comhlíonadh a shainmhíniú agus tuairisciú orthu;
- sárthuiscint ar mhodhanna bainistíochta;
- sárchumas chomh fada is a bhaineann le foirne ilteangacha, ilchultúrtha a threorú agus a spreagadh, cumas foirne a aithint agus an méid tairbhe is féidir a bhaint as cumas na foirne a uasmhéadú agus coinbhleacht a bhainistiú;
- an spreagadh chun a bheith páirteach i bhfoireann bainistíochta riaracháin institiúid AE atá i gcónaí ag iarraidh a cuid seirbhísí a fheabhsú;
- sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide;

- sárchumas chomh fada is a bhaineann le caidreamh le páirtithe leasmhara: scileanna idirbheartaíochta, tuiscint agus stuaim; agus
- taithí ghairmiúil i réimse an aistriúcháin agus/nó na téarmaíochta, lena n-áirítear uirlisí agus córais CAT.

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 31-2015 ón gCúirt maidir leis na nósanna imeachta chun príomhbhainisteoirí agus príomhstiúrthóirí a roghnú, bunófar bord réamhroghnúcháin chun na hiarrthóirí incháilithe a mheasúnú bunaithe ar na critéir atá sonraithe san fhógra folúntais seo.

(a) An chéim réamhroghnúcháin:

Ar dtús, déanfaidh baill an bhoird measúnú agus comparáid ar cháilíochtaí, taithí ghairmiúil agus scileanna gach iarrthóir **incháilithe** bunaithe ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ina n-iarratais (féach ar na critéir réamhroghnúcháin thuas). Bunaithe ar an measúnú comparáideach sin, cuirfidh an Bord an 8 n-iarrthóirí is oiriúnaí ar ghearrliosta ⁽¹⁾.

Toisc go bhfuil an chéad roghnú seo bunaithe ar mheasúnú comparáideach, ní bheidh iarrthóirí a chomhlíonann na critéir atá sonraithe san fhógra folúntais seo ag leanúint ar aghaidh go huathoibríoch chuig an gcéad chéim eile den nós imeachta.

(b) An chéim roghnúcháin:

Déanfaidh an bord na 8 iarrthóirí is oiriúnaí a mheas i rith agallaimh agus trí úsáid a bhaint as aon mhodh eile atá oiriúnach dar leis (féach ar na critéir roghnúcháin thuas).

Úsáidfear torthaí na céime roghnúcháin, i dteannta le torthaí na céime réamhroghnúcháin, chun liosta a bhunú den iarrthóir/de na hiarrthóirí a mheastar is fearr cáilithe don phost.

Cinnfidh CIE iarrthóir amháin a cheapadh bunaithe ar thuarascáil an bhoird.

IARRATAIS

Is é an spriocdháta d'iarratais ná meán lae ar an 30 Aibreán 2020 (CET).

Ní mór iarratais a dhréachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus a chuir isteach **tríd an bhfoirm ar líne amháin** atá curtha ar fáil don fholúntas atá fógartha.

Ní mór na doiciméid seo a leanas (a mbeidh gach ceann díobh scríofa i mBéarla nó i bhFraincis) a bheith ag gabháil le hiarratais:

- litir inspreagtha (**trí leathanach ar a mhéad**);
- CV atá cothrom le dáta (**uasmhéid cúig leathanach**), a chruthófar trí úsáid a bhaint as teimpléad “**curriculum vitae Europass**” agus ina sonrófar dátaí beachta (féach: <http://europass.cedefop.europa.eu>).

Tabhair do d'aire le do thoil, nach gcuirfear san áireamh nuair a bhíonn d'iarratas á mheas i rith chéim incháilitheachta agus réamhroghnúcháin an nós imeachta ach an fhaisnéis atá curtha ar fáil i do CV agus i do litir inspreagtha.

Glacfar leis go bhfuil na mionsonraí atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais fíor agus ceart agus, dá réir sin, beidh siad ceangailteach ar an iarrthóir.

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann, ar iarratas, fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir lena gcáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus dualgais reatha, má mheastar gá a bheith lena leithéid.

Diúltófar d'aon iarratas nach gclóíonn leis na teoracha seo.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

Tá cinneadh déanta ag Cúirt na nIníúcháirí an nós imeachta earcaíochta a lainseáil le haghaidh post Stiúrthóra (grád AD14), de réir Airteagal 29, mír 1 agus mír 2 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear na “Rialacháin Foirne” ina dhiaidh seo), a bhfuil sé mar aidhm leis cur le líon na n-iarrthóirí ionchasacha a bhféadfadh an tÚdarás Ceapacháin iad a roghnú.

I gcomhréir le beartas comhdheiseanna na Cúirte agus le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, fáiltíonn an Chúirt roimh an éagsúlacht agus cuireann sí comhdheiseanna chun cinn. Glacann an Chúirt le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar aon fhorais agus déanann sí bearta chun a chinntiú go mbíonn an earcaíocht cothromaithe go cuí idir fir agus mná, mar a cheanglaítear le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar gheall ar ionadaíocht íseal na mban ar leibhéal ardbhainistíochta, **chuirfeadh an Chúirt fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná ar an bpost seo**. Sa chás gurb ionann cáilíochtaí nó fiúntas d'fhear agus do bhean, is í an bhean a roghnófar. Déanann an Chúirt bearta freisin chun an saol oibre agus an saol teaghlaigh a chur san áireamh.

⁽¹⁾ Ar an gcoinníoll gur ann do dhóthain iarrthóirí incháilithe.

Má theastaíonn aon socruithe speisialta (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost tamall maith roimh ré chuig ECA-Recrutement@eca.europa.eu

COSAINT SONRAÍ

Tá an Chúirt tiomanta d'áirithiú go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an ráiteas príobháideachta sonrach le haghaidh folúntas fostaíochta, atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_GA.PDF

IARRATAÍ AR ATHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Má chreideann tú ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin go bhfuil éifeacht dhíobhálach ag cinneadh ort, tá na roghanna seo a leanas ar fáil:

I. Iarratas go ndéanfaí athmhachnamh ar chinneadh bhord réamhroghnúcháin

Féadfaidh tú iarratas réasúnaíthe i scríbhinn a chur isteach le go ndéanfaí athmhachnamh ar chinneadh atá déanta ag bord. Ní mór iarratas den chineál sin a chur chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 10 lá ó fhógra a fháil faoin gcinneadh:

ECA-Recours@eca.europa.eu.

II. Gearáin agus achomhairc

De bhun Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán in aghaidh Cinneadh ón gCúirt diúltú don iarratas uait a chur chuig an seoladh seo a leanas laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin:

An tArd-Rúnaí
Cúirt Iniúcháirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Lucsamburg
LUXEMBOURG

III. Achomharc breithiúnach

De bhun Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, sa chás go ndiúltófar don ghearán uait agus go ndéanfaidh an cinneadh seo dochar duit, féadfaidh tú achomharc a chomhdú le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ní mór do dhlíodóir achomhairc den sórt sin a chomhdú laistigh de thrí mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

IV. Gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist leis an mbealach ar láimhseáil Cúirt Iniúcháirí na hEorpa d'iarratas, féadfaidh tú gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, tar éis duit dul i dteagmháil leis an gCúirt ar dtús d'fhonn an díospóid a réiteach. Ní mór duit an gearán a chur isteach i scríbhinn laistigh de dhá bhliain ó theacht ar an eolas faoi na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearán leictreonach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Ní chuirfear na spriocdhátaí achomhairc thuasluaite ar fionraí sa chás go ndéanfar gearán leis an Ombudsman Eorpach.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA